AN GARDA SÍOCHÁNA

# Plean Póilíneachta Roinne Chill Mhantáin 2023

**"Keeping People Safe"**

"Ag Coinneáil Daoine Sábháilte"

## Brollach Oifigeach na Roinne



Is mór an t-áthas atá orm Plean Póilíneachta an Gharda Síochána do Roinn Chill Mhantáin don bhliain 2023 a chur i láthair. Is é an Plean seo an dara plean as trí phlean bhliantúla leis na cuspóirí a chuimsítear inár Ráiteas Straitéise 2022-2024 a bhaint amach. Cuirtear san áireamh sa Phlean seo chomh maith Plean Straitéiseach an Chomhchoiste Póilíneachta agus an rannchuidiú a rinne na comhpháirtíochtaí áitiúla póilíneachta a chuireann leis an bhfóram sin. Leagtar amach sa Phlean seo conas a leanfaimid ag cur lenár dtiomantas do mhuintir Chill Mhantáin a choimeád sábháilte, agus tá sé bunaithe ar phrionsabail ár gCóid Eitice agus ar ár dtiomantas do Chearta Daonna.

Táim tiomanta do luachanna gairmiúla a chur chun cinn, a léiriú agus seasamh leo, cosúil le seirbhís, ionracas, cuntasacht, meas, gairmiúlacht agus ardchaighdeáin eiticiúla i measc an phearsanra go léir atá sannta do Roinn Chill Mhantáin agus bheith tiomanta i gcónaí dár bpríomhchuspóirí, an bheatha agus maoin a chosaint, coireacht a bhrath agus a chosc, an tsíocháin a chaomhnú agus sábháilteacht phoiblí a chothú.

Bronnfaidh an Plean seo éifeacht ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha chun comhpháirtíochtaí pobail a neartú, cosc a chur ar agus cur isteach ar choireacht agus í a bhrath go réamhghníomhach, tacú le riachtanais íospartach, agus slándáil an Stáit a chosaint. Leanfaimid le bealaí nuálacha agus inbhuanaithe a leabú, atá bunaithe ar phrionsabail an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, a aithníonn go mbeimid ag teacht chun cinn agus ag athrú i gcónaí chun freastal ar riachtanais na bpobal ar a bhfreastalaímid.

Soláthróidh tabhairt isteach leanúnach na Samhla Oibriúcháin in 2023 struchtúir chuíchóirithe éifeachtúla atá dírithe ar sheirbhís faoi stiúir an phobail.

**Derek Hughes**

**Ard-Cheannfort**

**Roinn Chill Mhantáin**

## Conas teagmháil a dhéanamh le do Roinn – Glaoigh i gcónaí ar 999 nó 112 i gcás éigeandála

| Ceannfoirt, agus teagmhálaí oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Guthán |
|---|---|---|---|
| **An Ceannfort Declan McCarthy Cill Mhantáin (0404) 60147** | An tInbhear Mór | 24/7 | (0402) 32304 |
| | Áth na Fuinseoige | 10am – 1pm | (0404) 40212 |
| | Eachroim | 10am – 1pm | (0402) 36142 |
| | Cill Mhantáin | 24/7 | (0404) 60140 |
| | Abhóca | 10am – 1pm | (0402) 35102 |
| | Ráth Droma | 10am – 1pm, 5pm – 7pm | (0404) 46206 |
| | An Tóchar | 10am – 1pm | (01) 2818142 |
| **An Ceannfort Pat Connell Bré (01) 6665382** | Bré | 24/7 | (01) 6665300 |
| | Áth na Sceire | 10am – 1pm | (01) 6665750 |
| | Na Clocha Liatha | 24/7 | (01) 6665800 |
| | Baile an Chinnéidigh | 10am – 1pm | (01) 2819222 |
| **An Ceannfort Rory Sheriff Bealach Conglais (059) 6482617** | Bealach Conglais | 24/7 | (059) 6482610 |
| | Baile Coimín | 10am – 1pm, 7pm – 10pm | (045) 865202 |
| | Carn an Bhua | 10am – 1pm | (053) 9426102 |
| | Dún Luáin | 3pm – 5pm | (045) 401211 |
| | Dún Ard | 10am – 1pm | (045) 404612 |
| | Síol Éalaigh | 10am – 1pm | (053) 9429102 |
| | Tigh na hÉille | 3pm – 5pm | (0402) 38102 |

Is féidir teacht ar **oifigigh éagsúlachta** don Roinn anseo ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána

Is féidir teacht ar **oifigigh um chosc na coireachta** don Roinn anseo ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána

Is féidir teacht ar **chigirí imeaglaithe bainteach le drugaí** don Roinn anseo ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána

# 1. An Pobal

Leanúint le **ceangail a neartú** le pobail, **oibriú i gcomhpháirtíocht** le daoine a choimeád sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 1.1 Oibriú i gcomhar, tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, agus réitigh inbhuanaithe ar bhuarthaí pobail á bhforbairt | Cuireann an Creat Póilíneachta Pobail modheolaíocht ar fáil trína dtéitear i ngleic le saincheisteanna chaighdeán na beatha, a bhaineann le ról an Gharda Síochána, i gcomhpháirtíocht le díobháil, agus eagla roimh choireacht i bpobail a laghdú. |
| 1.2 Seirbhís póilíneachta a sholáthar a aithníonn éagsúlacht na ndaoine ar a bhfreastalaímid | Trí thionscnaimh a sholáthar faoin Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe, beidh fios agus tuiscint ag pobail ar ról an Gharda Síochána agus caithfidh siad linn mar eagraíocht a chinntíonn go mbíonn glór ag gach pobal, gníomh a mhéadaíonn muinín as coireacht a thuairisciú, agus díriú ar leith ar choireacht fuatha. |
| 1.3 Oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile leis an díobháil a chomhrac a chruthaigh mangaireacht drugaí i bpobail | Trí oibriú go héifeachtach i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, déanfaimid an baol i leith díobhála inár bpobail a laghdú agus imreoimid tionchar chumas coirpeach; drugaí rialaithe a dháileadh, baint de mhuinín as údaráis, insíothlú isteach i ngnó dlisteanach agus baint de, eagla a chur ar dhaoine agus foréigean a úsáid laistigh de phobail. |

## 1. An Obair a dhéanaimid go Rialta leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Creat Póilíneachta Pobail | |
| Póilíneacht atá Dírithe ar Fhadhbanna | |
| CCTV Pobalbhunaithe | |
| Grúpaí Mionlaigh agus Daoine Óga | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Cúltaca an Gharda Síochána | |
| Coireacht Fuatha | |
| Imeaglú Bainteach le Drugaí | |
| An Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí agus Alcóil | |

# 2. Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach

Súil a bheith le agus dul i ngleic go réamhghníomhach le coireacht, treochtaí coireachta nua agus atá ag teacht chun cinn ina measc, agus úsáid á baint as cur chuige éifeachtach póilíneachta faoi stiúir eolais

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 2.1 Freagairtí réamhghníomhacha faoi stiúir faisnéise a sholáthar i leith coireacht ardmhiniciochta chun dul i ngleic le treochtaí reatha agus atá ag teacht chun cinn | Bainfidh an Garda Síochána an úsáid is fearr as acmhainní atá ar fáil le súil a bheith le agus le dul i ngleic le treochtaí coireachta reatha agus atá ag teacht chun cinn i spásanna uirbeacha, tuaithe agus príobháideacha, a aithníonn ár ndomhain fhisiciúla agus dhigiteacha a chumasc, lena chumasú coireacht agus díobháil inár bpobail a chosc go réamhghníomhach. |
| 2.2 Leanúint le feabhas a chur ar ár n-inniúlacht chun dul i ngleic le calaois agus coireanna cibearchumasaithe | Imreoidh an Garda Síochána tionchar, trí fheasacht phoiblí, cumas méadaithe imscrúdaithe agus oibriú lenár gcomhpháirtithe, ar scóip na calaoise agus coireanna cibhearchumasaithe. |
| 2.3 Cur isteach go réamhghníomhach ar Choireacht Eagraithe agus Tromchoireacht i gcomhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta | Imreoidh an Garda Síochána tionchar, trí chomhoibriú leanúnach lenár gcomhpháirtithe, ar scóip na coiriúlachta ar féidir le Dronga Coireachta Eagraithe agus Eagraíochtaí Coiriúla Trasnáisiúnta tabhairt fúithi. |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oibríochtaí Coireachta | |
| Ord Poiblí | |
| Ceadúnú Licéir | |
| Coireanna Neamhbhraite | |
| Comhairle faoi Chosc na Coireachta | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| An líon braite |
| Aiseolas ón gComhchoiste Póilíneachta |
| Laghdú ar an líon ionsaithe, cionta oird phoiblí agus frithshóisialta |
| Aiseolas ón bpobal |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Cur Chuige Straitéiseach i leith Atitimeachas Ciontóirí | |
| Bannaí, Barántais agus Toghairmeacha | |
| Calaois agus Coireacht Chibearchumasaithe | |
| Coireacht Eagraithe | |
| Gáinneáil ar Dhrugaí | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| An Líon Barántas agus Toghairmeacha |
| Cionta Drugaí a Braitheadh |
| An líon cigireachtaí ceadúnaithe licéir agus oibríochtaí ceannaigh tástála |
| Monatóireacht ar choinníollacha bannaí |

# 3. Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine leochailigh a chur chun cinn agus a chosaint a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 3.1 A chinntiú go dtugtar an tseirbhís agus na tacaíochtaí cuí do gach íospartach a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána agus díriú ar leith ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe | Leanfaimid lenár n-éiteas íospartach-lárnaíoch a fheabhsú, trí oibriú ar bhonn leanúnach chun comhsheasmhacht na dtacaíochtaí cuí d'íospartaigh agus do dhaoine atá i mbaol a fheabhsú agus a chinntiú. |
| 3.2 Córas tomhais thorthaíbhunaithe a leabú do gach saghas coireachta, anuas ar thuairisciú caighdeánach staitistiúil a dhéanamh ar an gcoireacht | Déanfaidh córas torthaíbhunaithe tomhais a chur i bhfeidhm do gach saghas coireachta léargas a sholáthar don Gharda Síochána a chuirfidh eolas ar fáil d'íospartaigh, páirtithe leasmhara agus ceapadh beartais. |
| 3.3 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Beidh muinín ag pobail inár ngréasán bóithre mar thoradh ar phóilíniú bóithre, oideachas, forbairt feasachta, agus oibriú éifeachtach lenár gcomhpháirtithe go mbeidh bóithre níos sábháilte ann agus go dtiocfaidh laghdú ar imbhuailtí Marfacha agus Tromghortaithe. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Coireacht Ghnéis | |
| Drochíde sa Teaghlach | |
| Íospartaigh na Coireachta | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Uirlis Mheastóireachta Rioscaí a Chríochnú |
| An líon Tarrthála a braitheadh |
| Líon na gcionta gnéasacha a tuairiscíodh |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Tomhas Torthaíbhunaithe ar Choireacht | |
| Sábháilteacht ar Bhóithre | |
| Oibríochtaí um Póilíniú Bóithre | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Torthaí ó imscrúduithe coireachta |
| An líon imbhuailtí marfach agus is cúis le gortú trom |
| An Beartas Íospartach a chomhlíonadh |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus a dhaoine a chosaint ón sceimhlitheoireacht agus bagairtí ar a shárleasanna.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 4.1 Leanúint den Phlean Forbartha Seirbhíse Slándála a chur i bhfeidhm a neartaíonn inniúlacht slándála agus faisnéise an Gharda Síochána | Méadóidh an Garda Síochána i gCill Mhantáin cumas agus inniúlacht, tríd an bPlean Forbartha Seirbhíse Slándála a chur i bhfeidhm go leanúnach, chun sceimhlitheoireacht fhéideartha agus gníomhaíochtaí gníomhaithe doicheallacha a shainaithint agus a chur as riocht, gníomh a laghdaíonn an baol roimh an Stát agus an díobháil inár bpobail. |
| 4.2 Ullmhacht d'éigeandálaí móra a chinntiú trí oiliúint, forbairt leanúnach feasachta sa Gharda Síochána agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála | Déanfar inniúlacht an Gharda Síochána chun freagairt, lenár gcomhpháirtithe idirghníomhaireachta agus ár bpáirtithe leasmhara pobail, d'éigeandálaí móra a chothú agus a fheabhsú. |
| 4.3 Tabhairt faoi oibríochtaí faoi stiúir faisnéise, oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta chun an sceimhlitheoireacht agus gníomhaireachtaí gníomhaithe doicheallacha a shainaithint agus a chur as riocht go réamhghníomhach | Déanfar inniúlacht an Gharda Síochána chun freagairt, lenár gcomhpháirtithe idirghníomhaireachta agus ár bpáirtithe leasmhara pobail, do sceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí gníomhaithe doicheallacha a chothú agus a fheabhsú. |

## 5. Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe

Cultúr feabhsaithe leanúnaigh a spreagadh agus a chothú, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 5.1 An Cumas agus an Acmhainn Athraithe sa Gharda Síochána a fheabhsú tríd an bPlean um Fhorbairt Acmhainní Bainistíochta Athruithe a chur i bhfeidhm. | Leanfaimid leis na hathruithe agus na feabhsúcháin a leabú agus a bhuanú a theastaíonn le bheith inár seirbhís póilíneachta dhinimiciúil agus inoiriúnaithe, a fhíoraíonn fís an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn. |
| 5.2 Teacht chun cinn i dtreo stát na todhchaí don Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint, lena mbuntacaíonn fís an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn | Feabhsófar acmhainn athraithe na heagraíochta trí chumarsáid, comhoibriú agus deiseanna feabhsaithe don phearsanra, is mó a ndéanann athrú difear dóibh, le haiseolas a sholáthar. |
| 5.3 Cur le cleachtais reatha inbhuanaithe sa Gharda Síochána trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil, atá ar aon dul le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais, a fhorbairt | Cruthóimid an acmhainn chun déileáil le dúshláin inbhuanaitheachta atá ag teacht chun cinn agus amach anseo a chuirfidh cur chuige inbhuanaithe ar fáil i leith soláthar seirbhíse |

## Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Is mór don Gharda Síochána luachanna a bheith ina eagraíocht atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
| --- | --- |
| E1.1 Ár n-acmhainn a fheabhsú Acmhainní Daonna, Oiliúint, tacaíochtaí Foghlama agus Forbartha cuí a sholáthar, a chuireann ar chumas ár bpearsanra an rath a bhaint amach ina ról | Cinnteoimid go bhforbraítear ár bpearsanra agus go mbainistítear a bhfeidhmíocht lena cheadú dóibh an rath a bhaint amach ina róil. |
| E1.2 Tacaíocht bhreise a thabhairt dár bpearsanra trí thionscnaimh shláinte agus folláine a chur i bhfeidhm atá ar aon dul le prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine | Feabhsóimid ár n-acmhainn eagraíochta chun tacú le meabhairshláinte agus folláine ar gach leibhéal agus an bonneagar piarthacaíochta a neartú le sláinte agus folláine ár ndaoine a chinntiú. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí comhoibritheacha a spreagadh chun gnímh agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
| --- | --- |
| E2.1 Leanúint ag oibriú le comhpháirtithe le feabhas a chur ar ár gcur chuige ildisciplíneach | Neartóidh oibriú i gcomhpháirt, trí deiseanna agus cur chuige ildisciplíneach, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht, agus cuirfidh sé ar ár gcumas dul i ngleic le buarthaí pobail, agus le dúshláin reatha agus atá ag teacht chun cinn. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus idirchaidreamh soiléir dhá bhealach a fhorbairt trí chainéil nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
| --- | --- |
| E3.1 Idirchaidreamh dhá bhealach a neartú le comhpháirtithe ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil, éisteacht le riachtanais ár bpobal agus iad a thuiscint | Beidh tuiscint níos fearr againn ar riachtanais an réimse éagsúil pobal ar a bhfreastalaímid. Tacóidh seo le heolas a dhéanamh de shonraí, agus forbróidh sé eagraíocht fheasach, agus cumasóidh sé cinnteoireacht ar gach leibhéal. |
| E3.2 Torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dóibh | Beidh tuiscint níos fearr againn ar riachtanais ár bpearsanra. Tacóidh seo le heolas a dhéanamh de shonraí, agus forbróidh sé eagraíocht fheasach, agus cumasóidh sé cinnteoireacht ar gach leibhéal. |

## Cumasóir 4: Cumasú agus Iontaoibh

Cultúr cumasaithe agus iontaoibhe a chothú atá bunaithe ar ionracas agus ar Chearta Daonna a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E4.1 Iompar gairmiúil i measc phearsanra an Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú, a dhéanann cultúr cumasaithe agus iontaoibhe a chothú | Cothóidh an Garda Síochána muinín agus iontaoibh an phobail trí chultúr machnaimh agus foghlama. Cumasófar seo trí chearta daonna agus cinnteoireacht eiticiúil a leabú. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochta an Gharda Síochána a thabhairt isteach | Soláthrófar seirbhísí feabhsaithe go comhsheasmhach, agus beidh smacht níos mó ag an Roinn ar conas a sholáthraítear póilíneacht go háitiúil, agus iad ag oibriú laistigh de chreat corparáideach. |

## Cumasóir 5: Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise

Seirbhís faoi stiúir faisnéise a shaothrú, trí úsáid a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht le héifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E5.1 Póilíneacht faoi stiúir faisnéise a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, fíorú ár bhFíse Sonraí agus Teicneolaíochta a fhíorú | Cumasóidh na gníomhaíochtaí seo bainistíocht chomhsheasmhach agus ardchaighdeáin sonraí, agus soláthróidh siad Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise a sholáthar ar fud na heagraíochta, agus bainfear tairbhí amach i measc na gcolún eile, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an bPobal, Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht choisctheach, agus Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha. |
| E5.2 Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríd an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú, a dhéantar a bhailíochtú trí athbhreithniú seachtrach | Cumasóidh na gníomhaíochtaí seo bainistíocht chomhsheasmhach agus ardchaighdeáin sonraí, agus soláthróidh siad Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise a sholáthar ar fud na heagraíochta, agus bainfear tairbhí amach i measc na gcolún eile, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an bPobal, Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht choisctheach, agus Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha. |

# Tacaíochtaí Breise a Aimsiú

| Saghas Tacaíochta | Ainm | Láithreán Gréasáin | Ríomhphost | Guthán |
|---|---|---|---|---|
| Eolaire | Eolaire Pobail Chill Mhantáin | www.wicklowcommunitydirectory.ie | | |
| Drochíde sa Teaghlach | Tacaíochtaí Foréigin Teaghlaigh ANU Wicklow | www.anuwicklow.ie | outreach@braywomensrefuge.com | (086) 0597560 |
| | Tearmann Ban Bhré | | | (01) 2866163 |
| | Seirbhísí Foréigin Teaghlaigh Saoirse | | helpline@svds.ie | (01) 4630000 |
| | Cúnamh d'Fhir | www.mensaid.ie | hello@mensaid.ie | (01) 5543811 |
| | Cleachtóir Tacaíochta Foréigin Teaghlaigh Tusla | | niamhm.harney@tusla.ie | (045) 839300 |
| Eile | Ionad Taistealaithe agus Romach Pavee Point | www.paveepoint.ie | bridgie.collins@pavee.ie | (01) 8780255 |
| | Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath | www.drcc.ie | info@rcc.ie | 1800 778888 |
| | Aonad Cóireála Ionsaithe Ghnéasaigh | www.rotunda.ie/satu | satu@rotunda.ie | (01) 8171700 |
| Seirbhísí Poiblí | An Coiste Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga | www.cypsc.ie | fionnuala.curry@tusla.ie | (087) 6043511 |
| | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | www.legalaidboard.ie | lawcentrewicklow@legalaidboard.ie | (01) 2022644 |
| | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | www.hse.ie | infoline1@hse.ie | (0404) 68400 |
| | An Chúirt Dúiche | www.courts.ie | braydcusers@courts.ie | (01) 2744800 |
| | Comhairle Contae Chill Mhantáin | www.wicklow.ie | customerservice@wicklowcoco.ie | (0404) 20100 |
| | Faisnéis do Shaoránaigh | www.citizensinformation.ie | bray@citinfo.ie | (076) 1076780 |
| Drugaí agus Alcól | Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Chósta Thoir | www.ecrdatf.ie | ecrdatf@gmail.com | (01) 2744132 |
| | Líne Chabhrach Drugaí agus Alcóil | www.drugs.ie | | 1800 459459 |

# Aguisín: An Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (an PAS)

| Cuspóirí Straitéiseacha | Bearta |
|---|---|
| **An Pobal -** Leanúint le **ceangail a neartú** le pobail, **oibriú i gcomhpháirtíocht** le daoine a choimeád sábháilte. | • Comhréir na bhfreagróirí a thugann le fios go bhfuil siad sásta le Seirbhís áitiúil an Gharda Síochána.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann nach ndéileálann an GS le rudaí lena mbaineann tábhacht sa phobal.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go gcaitheann Gardaí sa cheantar le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a thugann le fios go n-éisteann an Garda Síochána le buarthaí daoine áitiúla.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go gcaithfeadh na Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal. |
| **Coireacht a Chomhrac agus Póilíneacht Choisctheach -** **Súil a bheith le** agus dul i ngleic **go réamhghníomhach** le coireacht, treochtaí coireachta nua agus **atá ag teacht chun cinn** ina measc, agus úsáid á baint as cur chuige éifeachtach póilíneachta faoi stiúir eolais. | • Comhréir na bhfreagróirí a cheapann gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach an choireacht go háitiúil<br>• Comhréir na bhfreagróirí a bhíonn buartha go bhféadfaí íospartach na cibearchoireachta a dhéanamh díobh nó d'aon duine a chónaíonn leo.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a bhfuil eagla roimh an leibhéal coireachta go ginearálta orthu.<br>• Comhréir na bhfreagróirí nach n-imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha.<br>• Comhréir na bhfreagróirí atá feasach ar phatróil an Gharda Síochána.<br>• Comhréir freagróirí a luaigh gurbh íospartach an tsaghais chéanna choireachta iad roinnt mhaith uaireanta le 12 mhí anuas.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar chearta daonna.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach i dtaobh coireacht a chomhrac.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil ceart go leor.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a luann gur féidir brath ar na Gardaí i mo cheantar a bheith ann in am an ghátair. |
| **Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha -** Díobháil a laghdú trí dhínit agus **Cearta Daonna íospartach agus gach duine leochailigh a chur chun cinn agus a chosaint** a idirghníomhaíonn leis an nGarda Síochána. | • Comhréir na n-íospartach atá sásta go leor nó an-sásta leis an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána a gcás.<br>• Comhréir na n-íospartach a thug an choir ba dhéanaí a rinneadh orthu le fios.<br>• Comhréir an bhfreagróirí a luaigh gur fhreagair na Gardaí go tapa maidir lena dteagmhas is déanaí nuair a tugadh an teagmhas le fios an chéad uair.<br>• Comhréir an bhfreagróirí a luaigh go ndearna an Garda Síochána teagmháil leo tar éis gur tugadh an teagmhas is déanaí dá gcuid le fios. |
| **Athrú agus Nuálaíocht Inbhuanaithe -** Cultúr **feabhsaithe leanúnaigh** a spreagadh agus a chothú, **nuálaíocht** agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú | • Comhréir na bhfreagróirí a cheapann go bhfuil an Garda Síochána nua-aimseartha agus céimnitheach. |
| **Cumasóirí -**<br>**1. Daoine agus Cuspóir**<br>**2. Comhpháirtíochtaí**<br>**3. Rannpháirtíocht**<br>**4. Cumasú agus Iontaoibh**<br>**5. Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise** | • Comhréir na bhfreagróirí a luann go ndéantar bainistiú maith ar an nGarda Síochána.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a chomhaontaíonn nó a chomhaontaíonn go tréan leis go ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do na pobail éagsúla ar a ndéanann sé freastal.<br>• Comhréir na bhfreagróirí a thugann iontaoibh idir mheánach agus ard le fios as an nGarda Síochána. |

## Banc Deilbhíní

| Ciall | Deilbhín |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú i bPearsan |
|  | Ar an nguthán |
|  | Ar ríomhphost |
|  | Sa phost |
|  | Ar an raidió |
|  | Ar an teilifís |
|  | Trí na meáin shóisialta |
|  | Feachtais Mheán |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Gardaí i bpearsan |
|  | Gardaí gnáthéadaí |
|  | CCTV |
|  | Ar chos |
|  | Ar rothar |
|  | Le gluaisteáin |
|  | Ar ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |

01 6665392

www.garda.ie

bray_dv@garda.ie